

PÁDRAIC AN PÍOBAIRE.

Piobaire a bhí ann agus bhí sé ag imteacht thart. Sé an sórt saoghal a bhí ann duine a' bith a geobhfhai amuigh théis a dó dhéag san oidhche chaifí é. Bhí an píobaire seo a dhul thart agus bhí sé deirneach air agus é a comhlint le dhul i dteach a raibh eolus aige air. Agus sa am seo teach a bith a mbeadh solus ann théis a dó dhéag san oidhche caithfí a mbeadh sa teach. Tháinig sé ag a teach agus bhuail sé an doras. "Cé tá ansoin" adeir fear a tighe. "Mise" adeir sé "mise Pádraic A' Píobaire" "Ó ní fhéudhfaidh muide thú leigeann isteach" adeir fear a tighe bféidir go bé chaoi a gcaithfí a bhfuil sa teach. Ach mar dheanfadh fear maith gaibh amach sa scioból an aonfeacht leis an mbó." Chuaidh sé amach sa scioból. Nuair a bhí an píobaire a teacht ag a teach casadh fear marbh dhó ar an mbóthar agus ní fhaca tú aon phéire breagh bróga ariamh mar bhí ar an bhfear marbh agus ní raibh ag an bpíobaire ach an-droch bhróga. Chinn sé ar an sin na bróga a bhainnt dhe ach séurd a rinne sé na cosa a gheara taobh thuas dhe na bróga agus na cosa agus na bróga a thabhairt leis agus ansoin thug sé leis iad isteach sa scioból. Bhí mac mac ag fear a tighe agus sé an tainm a bhí air Séamus. Nuair a d'eirigh Séamus ar maidin chuaidh sé amach sa scioból agus bhí an píobaire imtighe agus na bróga agus na cosa dearamaidhatha aige.

Rith sé isteach go dtí an tathair "Ó" adeir sé céurd deir tú leis an bpíobaire atá iththe ag an mbó. "Cé'r tá tú rádh" adeir a tathair. "Ó tá sé iththe aici" adeir sé isteach go dtí na bróga. "Tá an taonach gar dúinn indiu" adeir Séamus "agus cuirfidh muid an bhó ina naonaigh." Amach leat léithi adeir an tathair. Nuair a bhí sé teacht isteach ar an aonach an chéud duine a casadh dó "druid amach ó'n mbó sin" adeir sé "d'ith sí fear aréir. Sgantruigh an duine sin agus rith sé. Ní raibh sé mórán achair suas nuair casadh fear eile dhó "druid amach ó'n mbó sin" adeir sé "d'ith sí fear aréir." Rith an fear seo. 'Sgarr suas a bhí sé nuair chuir sé rith ar chupla duine eile.

'Sgarr eile suas a bhí sé nuair a chuala sé an píobaire a ceol agus é casadh Ríl Sheáin Áerach. Tháinig roinnt staidéar ansoin ann agus theann sé suas go dtáinig sé ar aghaidh an Phíobaire agus gur aithne sé é. Bhí daoine a damsa "ara cé'n sórt cathughadh atá orraibh" adeir sé "ná damsígí leis an bpíobaire sin níos mú mar d'ith an bhó seo an píobaire sin aréir."

An mhuintir a bhí ag damsa sgannruigh siad agus rith siad. Nuair a rith siad ar fad "bíodh ciall agat a Shéamuis" adeir a píobaire "caithfhidh mise innseacht dhuit céurd a tharla." "Ní thiocfaidh mise an cainnte leat" adeir Séamus. Ó teara" adeir a píobaire. Cé'n ghnó a bhí agat a tabhairt bó leat má bhíonn tú ar an gcaoi sin. Nuair a bhí mise a teacht agaib se aréir casadh fear marbh ar an mbóthar dhom agus péire maith bróga air ní raibh aon chaoi agam le na dtabhairt liom ach na cosa a ghearra agus rinne mé sin agus thug mé liom iad. Gaibh thusa abhaile anois agus tabhair leat do bhó, agus sin í fhéin an bhó láthach agus tiocfhaidh mise ag iarraidh na mbróga anocht." "Creidim gur fíor dhuit é " adeir Séamus "ní lorg aon fhiacaill 'sna cosa ach mar ghearrfaí le sgian iad. Chuaidh Séamua abhaile agus Páidín a ceol agus tháinig Páidín trathnóna agus thug sé leis a cuid bróga.

23/10/32

Clár.

A Deánamh Ceilpe	1	
Portán as Maireacá	8	
Sporán i mbolag Truisg	9	
Dhá ghadhar ag cainnt	10	
Bacach na Sugán	12	
Tighearna Cumberland	15	
An Phluid	20	
Táilliúr a mharbhuigh beirt fhathach	22	
Páidín na Conchubhair	26	
Frog sa Tobar	44	
Amhrán		49
Amhrán		52
Rí i nÉirinn	54	
Padraic an Píobaire	71	

Cailín na nGéalea
An buicéad leat
Amhrán far'or géar mar cailleadh mé.

Rí Éirinn
An bhean ar baineadh na lámha di
Ceannaidhe an Phoill Bhán
Pádraic an Píobaire
Iascaire a bhí i nGaillimh